

I.R. Uimh. [•] An tOrdú um Rialáil Tacsaithe (Uastáillí), 202[•]

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dó le halt 24 den Acht um Rialáil Tacsaithe, 2013 (Uimh. 37 de 2013), arna leasú, déanann an tÚdarás Náisiúnta Iompair leis seo an t-ordú seo a leanas:

1. Féadfar an tOrdú um Rialáil Tacsaithe (Uastáillí), 202[•], a ghairm den Ordú seo.
2. Tiocfaidh an tOrdú seo i ngníomh an [01 Meán Fómhair 2022].
3. San Ordú seo, tá le “lá saoire poiblí” an bhrí chéanna atá leis i míreanna 1 agus 2 den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997, ach, de bhreis air sin, i gcás inar Domhnach é an lá saoire poiblí, is é is brí le “lá saoire poiblí” ná an chéad lá eile den tseachtain.
4. Déantar na táillí atá ann sa Sceideal a shocrú mar na huastáillí agus na huasmhuirir a fhéadfaidh tiománaí tacsáí a mhuirearú i leith turas a dhéantar sa Stát.

SCEIDEAL

An Ráta Caighdeánach: Le cur ar taispeáint san Fhuinneog Ráta/Tharaife mar 1

Tá feidhm aige ó 08.00 uair go dtí 20.00 uair, ó Luan go Satharn

| | | |
|--------------------------------------------------------------------------|------------------|-------------|
| Luas Athrúcháin (gach tráth) | 21.2 | km san uair |
| Muirear Tosaigh | | |
| Luach Airgeadúil | €4.20 | |
| Liúntas Faid | 500 | méadar |
| Liúntas Ama | 84.9 | soicind |
| Taraif A | | |
| Aonad Airgeadúil | €0.20 | |
| Liúntas Faid | 153.8 | méadar |
| Liúntas Ama | 26.1 | soicind |
| Taraif in aghaidh na hUaire | €27.56 | |
| Taraif in aghaidh an chiliméadair | €1.30 | |
| Tosaíonn Taraif A nuair a athraíonn an t-iomlán reatha ó go | €4.20 €4.40 | |
| Raon Tharaif A | €19.00 | |
| Téitear ar aghaidh go Taraif B nuair a athraíonn an t-iomlán reatha ó go | €23.20 €23.40 | |
| Incrimintí Uasta Aonaid ar Tharaif A | 95 | |
| Raon Tharaif A nuair nach muirearaítear í ach ar fhad amháin | 14,615.4 | méadar |
| Raon Tharaif A nuair nach muirearaítear í ach ar am amháin | 2,481.9 | soicind |
| Taraif B | | |
| Aonad Airgeadúil | €0.20 | |
| Liúntas Faid | 121.2 | méadar |

| | | |
|-----------------------------------------------------------|--------|---------|
| Liúntas Ama | 20.6 | soicind |
| Taraif in aghaidh na hUaire | €34.98 | |
| Taraif in aghaidh an chiliméadair | €1.65 | |
| Tá feidhm ag Taraif B maidir leis an gcuid eile den turas | | |

Ardráta: Le cur ar taispeáint san Fhuinneog Ráta/Tharaife mar 2

Tá feidhm aige ó 20.00 uair go dtí 08.00 uair, ó Luan go Satharn, agus an lá ar fad ar an Domhnach agus an lá ar fad ar laethanta saoire poiblí (seachas Lá Nollag agus Lá Caille)

| | | |
|-------------------------------------|------|-------------|
| Luas Athrúcháin (gach tráth) | 21.2 | km san uair |
|-------------------------------------|------|-------------|

Muirear Tosaigh

| | | |
|------------------|-------|---------|
| Luach Airgeadúil | €4.80 | |
| Liúntas Faid | 500 | méadar |
| Liúntas Ama | 84.9 | soicind |

Taraif A

| | | |
|-----------------------------------|--------|---------|
| Aonad Airgeadúil | €0.20 | |
| Liúntas Faid | 117.0 | méadar |
| Liúntas Ama | 19.9 | soicind |
| Taraif in aghaidh na hUaire | €36.25 | |
| Taraif in aghaidh an chiliméadair | €1.71 | |

| | | |
|-------------------------------------------|-------|--|
| Tosaíonn Taraif A nuair a athraítear ó go | €4.80 | |
| | €5.00 | |

| | | |
|----------------|--------|--|
| Raon Tharaif A | €24.80 | |
|----------------|--------|--|

| | | |
|--------------------------------------------------------------------------|--------|--|
| Téitear ar aghaidh go Taraif B nuair a athraíonn an t-iomlán reatha ó go | €29.60 | |
| | €29.80 | |

| | | |
|--------------------------------------------------------------|----------|---------|
| Incrimintí Uasta Aonaid ar Tharaif A | 124 | |
| Raon Tharaif A nuair nach muirearaítear í ach ar fhad amháin | 14,502.9 | méadar |
| Raon Tharaif A nuair nach muirearaítear í ach ar am amháin | 2,462.8 | soicind |

Taraif B

| | | |
|-----------------------------------|--------|---------|
| Aonad Airgeadúil | €0.20 | |
| Liúntas Faid | 100.0 | méadar |
| Liúntas Ama | 17.0 | soicind |
| Taraif in aghaidh na hUaire | €42.40 | |
| Taraif in aghaidh an chiliméadair | €2.00 | |

Tá feidhm ag Taraif B maidir leis an gcuid eile den turas

Ráta Speisialta ar Lá Nollag agus ar Lá Caille: Le cur ar taispeáint san Fhuinneog Ráta/Tharaife mar 3

Tá feidhm ag ráta speisialta ó 20.00 uair ar Oíche Nollag go dtí 08.00 uair ar Lá Fhéile Stíofáin agus ó 20.00 ar Oíche Chinn Bliana go dtí 08.00 ar Lá Caille.

| | | |
|-------------------------------------|------|-------------|
| Luas Athrúcháin (gach tráth) | 21.2 | km san uair |
|-------------------------------------|------|-------------|

Muirear Tosaigh

| | | |
|------------------|-------|--------|
| Luach Airgeadúil | €4.80 | |
| Liúntas Faid | 500 | méadar |

| | | |
|-------------------------------------------|--------|---------|
| Liúntas Ama | 84.9 | soicind |
| Taraif A | | |
| Aonad Airgeadúil | €0.20 | |
| Liúntas Faid | 100.0 | méadar |
| Liúntas Ama | 17.0 | soicind |
| Taraif in aghaidh na hUaire | €42.40 | |
| Taraif in aghaidh an chiliméadair | €2.00 | |
| Tosaíonn Taraif A nuair a athraítear ó go | €4.80 | |
| | €5.00 | |

Tá feidhm ag Taraif A maidir leis an gcuid eile den turas

Muirir mhéadraithe bhreise (i gcás inarb infheidhme)

Táille Áirithinte €2.00

Muirear i leith paisinéirí breise: gach paisinéir aosach tar éis an chéad phaisinéara (nó, tar éis an chéad linbh saor in aisce, i leith gach beirte leanaí bhreise faoi bhun 12 bhliain d'aois) €1.00

Muirear Salaithe, i gcás inarb infheidhme An costas réasúnach chun an salú a leigheas, suas le huasmhuirear €140.00

Féadfar **muirir dhola**, de réir dola-scéim atá glactha ag údarás bóithre faoi Acht na mBóithre, 1993, go dtí seo a mhuirearú de réir mar a thabhaítear iad.

ARNA THABHAIRT faoi shéala an Údaráis Náisiúnta Iompair an

[•].

FRED BARRY,

Cathaoirleach, an tÚdarás Náisiúnta Iompair.

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

(Ní cuid den Ionstraim an nóta seo ná ní ceart a mheas gur míniú dlíthiúil uirthi é.)

Leis an Ordú seo, socraítear na huastáillí a fhéadfaidh tiománaí tacsáí a mhuirearú i leith turas a dhéantar sa Stát i gcomhréir leis an tábla atá ann sa Sceideal a ghabhann leis an Ordú.

DRAFT